**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2022/2543 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Nollaig 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-627/20 ([2]), ba cheart iontráil a bhaineann le heintiteas amháin atá liostaithe a scriosadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

([1]) IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.
([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 28 Meán Fómhair 2022, *Libyan African Investment Company (Laico) v. Council*, T-627/20.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 (Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(2)), Cuid B (Eintitis), scriostar an iontráil seo a leanas:

"1. Libyan Arab African Investment Company — LAAICO (dá ngairtear freisin LAICO)".